Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

Cur Chun Cinn Folláine agus Féinmheastóireacht Scoile

Ceardlann ar líne

Éascaitheoirí:

CC BY NC

Ionchais agus Forbhreathnú



Comhaontú maidir le EFG ar líne

Ainm ar an scáileáin

An Cnaipe Tosta: ciúnaigh nó dí-chiúnaigh

Bí le feiceáil ar an gceamara

Seomraí ar leithligh

Ceisteanna

Rúndacht

Achar ama na ceardlainne

Ní cheadaíonn Oide taifead a dhéanamh ar an gceardlann FGL seo.
Ní cheadaítear gabhálacha scáileáin.

Forbhreathnú ar an seimineár

Cur Chun Cinn Folláine agus Féinmheastóireacht Scoile	Riachtanais na scoile Cur chun cinn folláine agus Féinmheastóireacht Scoile An próiseas sé-chéim Féinmheastóireachta Scoile
Ceardlann ar líne 2	Achmhainní Ceisteanna agus foirm mheastóireachta

Neart eolas do scoileanna



Torthaí an tseisiúin

Tuiscint a bheith ann ar na Ceithre Phríomhréimse do Chothú na Folláine, na Comharthaí Ratha agus na Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach

Fiosraigh conas is féidir le scoil dul i mbun athbhreithniú agus forbairt ar chur chun cinn na folláine ag baint úsáide as an bpróiseas sé chéim FMS

Féachaint agus Machnamh a dhéanamh ar fhíseán dea-chleachtais ar rannpháirtíocht scoile amháin in athbhreithniú agus forbairt chur chun cinn na folláine.

Iniúchadh a dhéanamh ar na hacmhainní ábhartha atá ar fáil chun tacú le scoileanna maidir le cur chun cinn na folláine a athbhreithniú agus a fhorbairt

Riachtanais



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cad a iarrtar ar scoileanna a dhéanamh?

Iarrtar ar scoileanna Cur Chun Cinn na Folláine a áireamh mar fhócas ar Fhéinmheastóireacht Scoile faoi 2025.

Ní polasaí ar leith é seo - tá sé mar chuid den Phróiseas Féin Mheastóireachta Scoile atá ann cheana.

Ciorclán 56/22

Scoileanna DEIS

Ní polasaí ar leith é seo ach cuid den FMS atá ann cheana.Iarrtar ar scoileanna DEIS a bpróiseas cur chun cinn folláine a chomhtháthú ina bpleanáil DEIS.

Ní fhéachtar air mar phróiseas eile.

Ciorclán 34/2023

Folláine agus DEIS



Bá choir do gach scoil…

'...an próiseas sé-chéim Féinmheastóireachta Scoile (FMS) a úsáid in éineacht leis an gCreat Cleachtais don fholláine san Oideachas ***chun breathnú ar an soláthar reatha atá acu don fholláine*** *faoi gach ceann de na ceithre phríomhréimse (cultúr agus timpeallacht, curaclam, polasaí agus pleanáil, agus caidrimh agus páirtnéireachtaí), agus* ***plean feabhsúcháin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gceann de na príomhréimsí****, de réir mar a oireann don scoil..'*



RPFCC, Lch.37

Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais



Ceithre Phríomhréimse do Chothú na Folláine: Lch. 35

Príomhréimsí	Comharthaí Ratha
Cultúr & Timpeallacht	• Mothaíonn leanaí, daoine óga agus an fhoireann mar bhaill thábhachtacha de phobal na scoile agus braitheann siad sábháilte, ceangailte agus tacaithe ar scoil. • Tá córais i bhfeidhm chun éisteacht a thabhairt do ghuth an linbh /duine óig, an mhúinteora agus an tuismitheora agus tarlaíonn feabhsuithe ar chultúr agus ar éiteas na scoile dá réir.
Curaclam (Teagasc & Foghlaim	• Tá taithí dearfach, ardcháilíochta ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú á fháil ag leanaí agus ag daoine óga, a chruthaíonn deiseanna ratha do chách. • Tá leanaí agus daoine óga ag rochtain gníomhaíochtaí curaclaim chun a gcumas fisiciúil, sóisialta agus mothúchánach a chothú ar mhaithe lena bhfolláine a fheabhsú.
Polasaí & Pleanáil	• Tá scoileanna agus lárionaid oideachais ag baint úsáide as féinmheastóireacht ar *Phróiseas do Chothú na Folláine* chun cothú na folláine a fhorbairt, a fhorfheidhmiú agus a athbhreithniú. • Tá cothú na folláine á fhí isteach ag scoileanna agus lárionaid oideachais ina bpolasaithe agus ina gcleachtas don scoil uile
Caidrimh & Páirtnéireachtaí	• Tá leanaí agus daoine óga, a dtuismitheoirí agus páirtnéirí seachtracha eile gafa go gníomhach le cothú na folláine i bpobal na scoile. • Tá tuiscint bhreise ag gach duine fásta i bpobal na scoile ar an tábhacht a bhaineann le cothú na folláine, lena n-áirítear éisteacht le leanaí agus le daoine óga, agus iad a threorú chuig na cosáin thacaíochta, laistigh nó lasmuigh den scoil, atá de dhíth orthu.

Comharthaí Ratha: Lch. 36

Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais

Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach do Chách
• Tá folláine phobal na scoile uile go lárnach i ráiteas éitis/físe na scoile agus bíonn ceannairí scoile agus an bhainistíocht páirteach go gníomhach i gcothú na folláine. • Cuireann an scoil in iúl do thuismitheoirí faoi na tacaíochtaí atá ann do chothú folláine leanaí agus daoine óga. • Tuigeann ceannairí scoile agus an bhainistíocht agus gach ball foirne go bhfuil ról ag an bpobal scoile uile maidir le tacú le foghlaim do agus foghlaim faoi fholláine. • Tuigeann gach leanbh agus duine óg agus ball foirne an gaol atá idir gnóthachtáil acadúil agus folláine an linbh/ an duine óig. • Tá cur chuige dearfach i leith cúrsaí smachta ann a léiríonn cúram, meas agus comhsheasmhacht nuair a bhíonn fadhb le réiteach.
Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach do Roinnt agus do Bheagán
• Léiríonn an scoil tiomantas do thacaíochtaí spriocdhírithe a aithint, a chur san áireamh agus a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a mhothaíonn baic agus dúshláin ó thaobh na folláine agus na foghlama. • Ionchuimsíonn an fhoireann agus leanaí agus daoine óga daoine ó chúlraí cultúrtha éagsúla, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu agus gach gnéaschlaonadh. • Bíonn scoileanna réamhghníomhach maidir le freastal ar riachtanais na forbartha gairmiúla ag múinteoirí, a fhreastalaíonn ar FGL ábhartha agus ar féidir leo comharthaí a aithint i leanaí agus i ndaoine óga leochaileacha, agus a aithníonn an gá atá le luath-idirghabháil.



Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach, Lch. 40-47

Cur Chun Cinn Folláine agus Féinmheastóireacht Scoile



Féinmheastóireacht Scoile

'Cruthaíonn na FMS creat do scoileanna nuair a bhíonn siad ag bailiú fianaise agus á anailísiú, ag aithint riachtanas agus ag socrú spriocanna do thorthaí insroichte. Próiseas comhoibritheach, athmhachnamhach ar athbhreithniú inmheánach na scoile, dírithe ar fheabhsúchán scoile, atá ann.'

RPFCC, Lch. 39

Céim 1 – Ainmnigh an fócas



Céim 2 – Fianaise a bhailiú

Sonraí Cainníochtúla (Quantitative Data)

Sonraí Cáilíochtúla (Qualitative Data)





Folláine san Oideachas

Ceistneoir Tuismitheora /Cúramóra um Chothú Folláine - sa Bhunscoil

Tá do thuairimí tábhachtach agus muid ag féachaint ar an gcaoi a bhfuil ag éirí linn i réimse na folláine inár scoil.

Sna habairtí thíos déantar cur síos ar bhealaí éagsúla inar féidir le scoil folláine a chur chun cinn.

Freagair *Sea* nó *Níl* nó *Uaireanta* do gach abairt.

	Fíor	Bréagach	Uaireanta
1. Tá an scoil fáilteach agus is éasca do gach dalta bealach a dhéanamh isteach agus amach as an scoil			
2. Tá an scoil fáilteach agus is éasca do thuismitheoirí/do chúramóirí bealach a dhéanamh isteach agus amach as an scoil			
3. Coinnítear an scoil go maith agus go geal			
4. Is féidir le mo pháiste páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile, amhail spórt, ealaín, drámaíocht, damhsa, ceol etc.			
5. Tá mo pháiste sábháilte ar scoil			
6. Mothaíonn mo pháiste go bhfuil nascacht aige/aici leis an scoil agus go bhfuil sé/sí mar chuid de phobal na scoile			
7. Tógann an scoil orthu féin déileáil le bulaíocht agus í a chosc			
8. Deireann mo pháiste liom go ndéanann foireann na scoile caidhreamh leis/léi ar bhealach socair measúil, fiú nuair a bhíonn easaontas ann			
9. Feictear don scoil go bhfuil an tsláinte agus an fholláine tábhachtach.			
10. Spreagann an scoil an smaoineamh go ndéanann gach leanbh a d(h)ícheall			
11. Tá a fhios agam go bhfuil cúnamh/tacaíocht bhreise ar fáil do dhaltaí a bhfuil gá acu leis			
12. Is féidir le mo pháiste tacaíocht a fháil sa scoil más deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta atá i gceist			

Gníomhaíocht Mhachnaimh

Sna Bosca Comhrá/Chatbox, ainmnigh na huirlisí bailithe sonraí éifeachtacha a d'úsáid tú i do scoil.

2 nóiméad

Céim 3 – Déan Anailís agus Breithiúnais

1: Príomhréimse a Aithint → 2: Comharthaí Ratha do Chothú na Folláine → 3: Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach do chách/do roinnt/do bheagán



4 Príomhréimse



Príomhréimsí	Comharthaí Ratha
Cultúr & Timpeallacht	• Tá mothú chomhuintearais ag leanaí agus ag an bhfoireann agus mothaíonn siad slán, bainteach agus tacaithe. • Tá córais i bhfeidhm chun éisteacht a thabhairt do ghuth an linbh /duine óig, an mhúinteora agus an tuismitheora agus tarlaíonn feabhsuithe ar chultúr agus ar éiteas na scoile dá réir.
Curaclam (Teagasc & Foghlaim	• Tá taithí dearfach, ardcháilíochta ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú á fháil ag leanaí agus ag daoine óga, a chruthaíonn deiseanna ratha do chách. • Tá leanaí agus daoine óga ag rochtain gníomhaíochtaí curaclaim chun a gcumas fisiciúil, sóisialta agus mothúchánach a chothú ar mhaithe lena bhfolláine a fheabhsú.
Polasaí & Pleanáil	• Tá scoileanna agus lárionaid oideachais ag baint úsáide as féinmheastóireacht ar *Phróiseas do Chothú na Folláine* chun cothú na folláine a fhorbairt, a fhorfheidhmiú agus a athbhreithniú. • Tá cothú na folláine á fhí isteach ag scoileanna agus lárionaid oideachais ina bpolasaithe agus ina gcleachtas don scoil uile
Caidrimh & Páirtnéireachtaí	• Tá leanaí agus daoine óga, a dtuismitheoirí agus páirtnéirí seachtracha eile gafa go gníomhach le cothú na folláine i bpobal na scoile. • Tá tuiscint bhreise ag gach duine fásta i bpobal na scoile ar an tábhacht a bhaineann le cothú na folláine, lena n-áirítear éisteacht le leanaí agus le daoine óga, agus iad a threorú chuig na cosáin thacaíochta, laistigh nó lasmuigh den scoil, atá de dhíth orthu.

Comharthaí Ratha



Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach do Chách

Tá folláine phobal na scoile uile go lárnach i ráiteas físe na scoile agus glacann an bhainistíocht freagracht ar chothú na folláine.

Faigheann tuismitheoirí/cúramóirí cumarsáid agus eolas ón scoil maidir le tosaíochtaí a thacaíonn le folláine an linbh/an duine óig.

Tuigeann gach múinteoir ranga agus ábhair an ról roinnte atá acu maidir le foghlaim do agus foghlaim faoi fholláine ina rang/ábhar.

Tuigeann gach leanbh agus duine óg agus ball foirne an gaol atá idir gnóthachtáil acadúil agus folláine an linbh/an duine óig.

Bíonn cur chuige dearfach i leith cúrsaí smachta mar a léirítear cúram, meas agus comhsheasmhacht nuair a bhíonn gnóthaí á réiteach.

Tá mothú chomhuintearais láidir ag leanaí agus daoine óga agus ag an bhfoireann leis an scoil.

Tá córais i bhfeidhm chun éisteacht a thabhairt do ghuthanna an linbh/duine óig, na foirne agus an tuismitheora/ cúramóra.

Bíonn meas ag an bhfoireann ar rannpháirtíocht an linbh/duine óig i bpobal na scoile agus déantar leanaí agus daoine óga a thacú agus a ghríosadh chun aíochtha a sholáthar ar mhaithe le feabhsú na scoile.

Déantar foirgneamh, tailte, seomraí ranga, ionaid oibre na scoile a choimeád i ndea-bhail agus tá siad troscánaithe go cuí chun timpeallacht fháilteach, shlán agus theolaí a sholáthar.

Tá foirgneamh na scoile inrochtana ag gach leanbh agus duine óg agus déantar an chóíríocht a bhunathrú chun freastal ar riachtanais an uile dhuine.

Cuirtear spás ar fáil laistigh agus lasmuigh chun idirghníomhú sóisialta, gníomhaíocht choirp agus uain suaimhnis a éascú

Cuidíonn timpeallacht na scoile le roghanna bia shláintiúil a chothú.

Bíonn obair, buanna agus éachtaí leanaí agus daoine óga ar taispeáint laistigh den scoil.

Ráitis ar Chleachtas Éifeachtach do Roinnt agus Beagán

Léiríonn an scoil tiomantas do thacaíochtaí spriocdhírithe a aithint, a chur san áireamh agus a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a mhothaíonn baic agus dúshláin ó thaobh na folláine agus na foghlama.

Ionchuimsíonn an fhoireann agus leanaí agus daoine óga daoine ó chúlraí cultúrtha éagsúla agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Déantar an timpeallacht fhisiceach a chur in oiriúint chun freastal ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais bhreise agus/nó chasta acu. Tá fáil orthu seo a leanas de réir mar a oireann:

- Seomra/gairdín na gcéadfaí
- Seomra/spás 'slán' do dhaltaí atá i nguais/imníoch
- Seomra(í) do chruinnithe le tuismitheoirí, le cuairteoirí gairmiúla
- Seomra(í) do dhaoine / do ghrúpaí a bhfuil gá acu le hidirghabháil agus le tacaíocht spriocdhírithe
- Trealamh ardaithe
- Sainteicneolaíocht
- Binse páirtíochta

*Níl liosta uileghabhálach atá anseo

Ráitís ar Chleachtas Éifeachtach

Achmhainní chun tacú le hanailís ar shonraí





https://oide.ie/ga/iar-bhunscoil/baile/follaine/follaine/abhair-foghlama-ghairmiula/

Céim 4 – Scríobh agus roinn an tuairisc agus plean feabhsúcháin



[Ainm na Scoile]

Ár dTuairisc Fheinmheastóireachta agus Plean Feabhsúcháin

1. Réamhrá

Cláraíonn an doiciméad seo na torthaí ónár bplean feabhsúcháin deiridh, torthaí na féinmheastóireachta seo, agus ár bplean feabhsúcháin reatha, lena n-áirítear spriocanna agus na gníomhartha a dhéanfaimid chun na spriocanna a bhaint amach.

1.1 Torthaí ónár bplean feabhsúcháin deiridh ó [dáta] go [dáta]

-
-

1.2 Fócas an meastóireachta seo

Rinneamar féinmheastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim le linn na tréimhse *(mí/bliain)* go *(mí/bliain)*. Rinneamar meastóireacht ar an ngné (na gnéithe) seo a leanas de theagasc agus foghlaim:

-
-

2. Torthaí

2.1 Is cleachtadh éifeachtach / an-éifeachtach é seo inár scoil

Liostaigh príomhláidreachtaí na scoile sa teagasc agus san fhoghlaim.

-
-
-

2.2. Seo an chaoi is eol dúinn

Liostaigh na foinsí fianaise. Déan tagairt do mheonta, gnáthachtáil, eolas agus scileanna daltaí.

-
-
-

2.3 Seo a bhfuilimid chun díriú air d'fhonn ár gcleachtadh a fheabhsú a thuilleadh

Sonraigh na gnéithe de theagasc agus foghlaim atá aitheanta agus curtha in ord tosaíochta ag an scoil do thuilleadh feabhsúcháin.

-
-
-

3. Ár bplean feabhsúcháin

Ar an gcéad leathanach eile tá cláraithe againn:

- Na **spriocanna** d'fheabhsúchán atá socraithe againn
- Na **gníomhartha** a dhéanfaimid chun iad seo a bhaint amach
- **Cé atá freagrach** as ár bplean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air
- Conas a dhéanfaimid **dul chun cinn** a thomhas agus **torthaí** a sheiceáil (critéir don rath)

De réir mar a chuirimid ár bplean feabhsúcháin i bhfeidhm, déanfaimid na nithe seo a thaifeadadh:

- An **dul chun cinn** a rinneadh, agus **leasuithe** a rinneadh, agus **cathain**
- **Gnóthachtáil spriocanna** (cinn bunaidh agus cinn leasaithe), agus **cathain**



Ár bPlean Feabhsúcháin

Is é an fráma ama don phlean feabhsúcháin seo ó [dáta] go [dáta]

Spriocanna	Gníomhartha	Daoine / grúpaí freagrach	Critéir don rath	Dul chun cinn agus leasuithe	Spriocanna a baineadh amach

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/turaisciu-ar-fms/?#tuarascail-feinmheastoireachta-scoile-agus-plean-feabhsuchain-scoile

Céim 4 – Scoileanna DEIS
Anailís a chomhtháthú í bPleananna DEIS

Céim 5 – Cuir plean feabhsúcháin i bhfeidhm

Smaoinigh ar na rudaí seo a leanas agus sibh ag gníomhú ar an bplean:

Gach seomra ranga

Gach duine

Gach lá

Céim 6 – Déan monatóireacht ghníomhartha agus déan meastóireacht ar thionchar



NEPS Físeáin Dea-Chleachtais

3 nóiméad 42 soicind

Físeáin Dea-Chleachtais - Machnamh

Cad iad na príomhthorthaí a bhaineadh tú as an bhfíseán dea-chleachtais?

Cén chéad chéimeanna praiticiúla an féidir leat a ghlacadh chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar chur chun cinn folláine i do scoil?

Plé

5 nóiméad

Achmhainní


Ráiteas Polasaí Folláine
& Creat Cleachtais

An Roinn Oideachais
Department of Education
Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta

Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile
Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2026
Ciorclán 0056/2022 do Bhunscoileanna, do Scoileanna Speisialta agus d'Iar-bhunscoileanna

Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta
Leanúntas Tacaíochta
Treoirlínte do Mhúinteoirí


An Roinn Oideachais
Department of Education
Treoirlínte do Bhunscoileanna
Ag Tacú le Leanaí i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu


RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS
Leanúntas Tacaíochta
Treoirlínte do Mhúinteoirí


wellbeing in education
Eolaire Folláine FGL do Bhunscoileanna
Forbhreathnú

Catalóg Acmhainní do Bhunscoileanna

Achmhainní


FOLLÁINE
Oide
Cad a chiallaíonn Folláine domsa:
Conas a chothaímid Folláine inár scoil

Ag déanamh anailíse agus breithiúnas
Céim 3
06
Scríobh agus roinn do phlean feabhsúcháin scoile
05
Déan iniúchadh agus aontaigh ar ghníomhartha féideartha
04
Cinntigh na spriocanna
03
Cuir gníomh in ord tosaíochta
02
Úsáid torthaí na sonraí i gcomparáid leis na Rátaí ar Chleachtas Éifeachtach
01
Aithnigh aon téamaí / pátrúin /aiseolas ábhartha
Oide


Oide
ATHBHREITHNIÚ AR NA SONRAÍ A BAILÍODH
Céim 3
Téamaí/ Pátrúin/ Aiseolas ábhartha
Foireann Scoile
Tuismitheoirí
Daltaí


Céim 2
Príomhréimse:
Cultúr
Cad atá ag obair go maith:
Ábhar Fócais :
Oide


FMS: Folláine san Oideachas
Step 3
Príomhréimse:
Sprioc
Gníomh
Sprioc
Gníomh
Sprioc
Gníomh
Úsáid an acmhainn seo mar áis tagartha do spriocanna agus gníomhartha maidir le féinmheastóireacht scoile
Oide


Céim 6
Ag monatóireacht ar ghníomhartha agus ag meastóireacht ar thionchar
Leideanna Machnamhacha
Ag monatóireacht ar ghníomhartha:
• Cé atá freagrach as na gníomhartha a aontaíodh orthu a chur i gcrích?
• Cathain a chuirfear i bhfeidhm iad?
• Cé atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha?
• Conas a thuairiscítear ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha?
• Conas a chothaímid dul chun cinn?
• An bhfuil ár spriocanna agus ár ngníomhartha réalaíoch?
• An gcaithimid ár spriocanna agus ár ngníomhartha a athrú in aon slí?
Ag meastóireacht ar thionchar:
• Conas a dhéanfar measúnú ar thionchar ár ngníomhartha?
• Cathain a ndéanfar measúnú ar thiochar ár ngníomhartha?
• Cé atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhartha?
• An bhfuil na spriocanna bainte amach againn?
• Conas is féidir linn rath a cheiliúradh?
Oide

Ceisteanna

Suíomh Gréasáin Oide

Oide

Conas is féidir le scoileanna agus tuismitheoirí/caomhnóirí clárú le NEART

Téigh go dtí leathanach baile Neart



An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (EAS)

Folláine le Chéile
Wellbeing Together

Saorghlao Éire

1800 411 057

SMS

Téacsáil 'Hi' chuig 087 145 2056

WhatsApp

Téacsáil 'Hi' chuig 087 369 0010

www.education.ie
https://wellbeingtogether.spectrum.life



Oide

Post-primary Wellbeing in Education/ Folláine san Oideachas

Míle Buíochas